# Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) Staitisticí 2011 – 2018

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar Thuairisceáin DFI agus ba é Brainse um Straitéis, Meastóireacht agus Tuairisciú na gCoimisinéirí Ioncaim a chuir i dtoll a chéile iad.
Ba chóir caitheamh leis na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Svíríonn na staitisticí san eisiúint seo ar na figiúirí is déanaí faoin DFI amhail an 6 Feabhra 2020.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le DFI a sheoladh chuig
statistics@revenue.ie

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

## Léargas ginearálta ar an Dreasacht

Cuireann an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta (DFI) faoiseamh cánach oiread agus 40% ar fáil (41% roimhe seo) i ndáil le hinfheistíochtaí a rinneadh i dtrádálacha corparáideacha áirithe. Ceadaíonn an scéim DFI d'infheisteoirí aonair faoiseamh ó cháin ioncaim a fháil i leith infheistíochtaí do scaireanna i gcuideachtaí áirithe suas le huasmhéid €150,000 sa bhliain i ngach bliain chánach i leith infheistíochtaí a dhéantar suas leis an 31 Nollaig 2019. Maidir le hinfheistíochtaí a dhéantar tar éis an 31 Nollaig 2019, tá uasteorainn €250,000 i gceist, nó suas le €500,000 i gcás iad siúd a dhéanann infheistíochta ar feadh íostréimhse 7 mbliana.  Tháinig an DFI in áit na Scéime um Leathnú Gnó (SLG) agus mairfidh sé go dtí 2021.

I gcás infheistíochtaí a dhéantar roimh an 9 Deireadh Fómhair 2019, ceadaítear faoiseamh i dtosach ar thríocha daicheadú (30/40) den infheistíocht DFI in aghaidh d'ioncam iomlán, sa bhliain ina ndearnadh an infheistíocht. Beidh faoiseamh i ndáil le deich ndaicheadú (10/40) eile den infheistíocht DFI ar fáil sa cheathrú bliain tar éis an infheistíocht DFI a bheith déanta, chomh fada agus a chomhlíontar roinnt coinníollacha. Nuair a dhéantar infheistíochtaí tar éis an 8 Deireadh Fómhair 2019, deonófar an faoiseamh iomlán 40% ar infheisteoirí sa bhliain ina ndearnadh an infheistíocht.

Tá an scéim DFI ar fáil do mhicreachuideachtaí, cuideachtaí beaga agus meánmhéide trádála neamhluaite. Tá gníomhaíochtaí áirithe eisiata. Is éard atá i nGrúpa FITC (Faoiseamh i leith Infheistíochta i dTrádálacha Corparáideacha) ná cuideachta cháilitheach agus a gnóthaí comhpháirtíochta agus nasctha.  Féadann Grúpa FITC, nó cuideachta cháilitheach nach bhfuil mar bhall de ghrúpa FITC, uasmhéid saoil de €15 milliún in airgeadas riosca a bhailiú leis an dreasacht seo, nach bhféadtar a bhailiú ar bhealach eile.

I gcás eisiúintí scaireanna suas leis an 31 Nollaig 2018 agus an dáta sin áireamh, ní mór do chuideachta iarratas ar dheimhniú a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Tá 2 bhliain ag cuideachta ó dheireadh na bliana ina ndearnadh an eisiúint scaireanna chun an t-iarratas seo a thíolacadh. Dá bhrí sin, i gcás eisiúintí scaireanna in 2018, tá go dí an 31 Nollaig 2020 ag cuideachta iarratas a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim. Ní bheidh gach iarratas faighte ná cinneadh déanta ar gach iarratas ag na Coimisinéirí Ioncaim ar eisiúintí scaireanna in 2018.

## Cuideachtaí Cáilitheacha

Tá an DFI ar oscailt d'fhormhór gnóthaí beaga agus meánmhéide, ach ní bheidh gníomhaíochtaí trádála áirithe incháilithe don scéim. Tá treoir chuimsitheach ann maidir leis na critéir cháilitheacha le haghaidh scaireanna a eisíodh suas leis an 31 Nollaig 2018, chomh maith le treoracha cuimsitheacha maidir le scaireanna a eisíodh tar éis an 31 Nollaig 2018, coinníollacha cuideachtaí agus coinníollacha infheisteoirí.

## Úsáid Cistí DFI

Ní mór don chuideachta an t-airgead a fuarthas ón eisiúint scaireanna a úsáid chun críocha trádáil cháilitheach a dhéanamh, nó murar thosaigh an chuideachta ag trádáil go fóill, i dtabhú caiteachais ar thaighde agus forbairt agus nuálaíocht. Ina theannta sin, ní mór go gcuirfidh úsáid na gcistí go díreach le cothabháil nó le cruthú fostaíochta sa chuideachta (mar shampla an t-airgead a fuarthas a úsáid chun pá fostaithe incháilithe na cuideachta a íoc).

### Tábla 1: Iomlán na gCistí DFI Infheistithe, Cuideachtaí Cáilitheacha agus Meánsuimeanna

| Bliain | Cuideachtaí Cáilitheacha | Suim Iomlán Infheistithe €M | Meánsuim Infheistithe de réir Infheisteora € | Meán-infheistíocht in aghaidh na Cuideachta Cáilithí € |
|---|---|---|---|---|
| 2011/2012 | 232 | €52.2 | €34,600 | €225,000 |
| 2013 | 248 | €57.6 | €35,500 | €232,000 |
| 2014 | 296 | €77.9 | €45,000 | €263,000 |
| 2015 | 269 | €93.2 | €47,100 | €346,700 |
| 2016 | 209 | €105.6 | €46,100 | €506,000 |
| 2017 | 121 | €82.6 | €42,900 | €683,000 |
| 2018 | 37 | €48.0 | €42,200 | €1,298,000 |

Tugtar briseadh síos sonrach ar an tábla seo den airgead infheistithe faoin scéim DFI, líon na gCuideachtaí Cáilitheacha , an mheánsuim infheistithe in aghaidh an infheisteora agus an mheán-infheistíocht in aghaidh na Cuideachta Cáilithí.


### Tábla 2A: Dáileadh na Suimeanna Infheistíochta in aghaidh an Infheisteora

| Suim na hInfheistíochta | 2011/2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **0 - €10,000** | 417 | 466 | 406 | 430 | 434 | 392 | 202 |
| **€10,001 – €20,000** | 257 | 317 | 313 | 358 | 397 | 342 | 217 |
| **€20,001 – €30,000** | 247 | 280 | 304 | 337 | 432 | 380 | 227 |
| **€30,001 – €40,000** | 90 | 108 | 92 | 103 | 158 | 140 | 83 |
| **€40,001 – €50,000** | 156 | 171 | 217 | 271 | 316 | 235 | 146 |
| **€50,001 – €60,000** | 48 | 46 | 59 | 57 | 62 | 53 | 37 |
| **€60,001 – €80,000** | 76 | 69 | 85 | 104 | 135 | 88 | 65 |
| **€80,001 – €100,000** | 46 | 80 | 90 | 131 | 153 | 117 | 69 |
| **€100,001 – €125,000** | 27 | 14 | 27 | 33 | 39 | 34 | 17 |
| **€125,001 – €150,000** | 34 | 48 | 87 | 95 | 104 | 103 | 53 |
| **€150,001 – €250,000** | 25* | 22* | 39 | 34 | 38 | 41* | 21* |
| **> €250,000** | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | 12 | 25 | 22 | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| **Iomlán** | **1,423** | **1,621** | **1,731** | **1,978** | **2,290** | **1,925** | **1,137** |

**Tugadh na raonta níos airde le chéile chun rúndacht cáiníocóirí a chosaint mar gheall ar an líon beag cásanna atá ann. Tá tuilleadh sonraí maidir le Rialú Nochtadh Staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ag bun an doiciméid seo.*

Sonraítear sa tábla agus sa ghraf (thíos) raon na suimeanna infheistíochta in aghaidh an infheisteora faoin DFI lena n-áirítear infheistíochtaí ag infheisteoirí taobh istigh de chistí.

**Graf 1: Dáileadh na Suimeanna Infheistíochta in aghaidh an Infheisteora**




**Tábla 2B: Dáileadh na Suimeanna Infheistíochta in aghaidh an Infheisteora taobh istigh de Chistí**

| Suim na hInfheistíochta | 2011/2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **0 – €10,000** | 98 | 79 | 100 | 66 | 161 | 157 | 148 |
| **€10,001 – €20,000** | 61 | 61 | 43 | 43 | 112 | 119 | 154 |
| **€20,001 – €30,000** | 35 | 45 | 43 | 24 | 71 | 90 | 96 |
| **€30,001 – €40,000** | 11 | 17 | 37* | 14 | 39 | 37 | 38 |
| **€40,001+** | 38 | 34 | Ní bhaineann le hábhar | 40 | 209 | 185 | 180 |
| **Iomlán** | **243** | **236** | **223** | **187** | **592** | **588** | **616** |

Leagtar amach i dTábla 2B raon na suimeanna infheistíochta in aghaidh an infheisteora, faoin DFI, taobh istigh de chistí.

**Tugadh na raonta níos airde le chéile chun rúndacht cáiníocóirí a chosaint mar gheall ar an líon beag cásanna atá ann. Tá tuilleadh sonraí maidir le Rialú Nochtadh Staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ag bun an doiciméid seo.*


## Costais Státchiste

### Tábla 3: Costas Measta Státchiste agus Líon na nInfheisteoirí ar Leith

| Bliain | Infheisteoirí | Costas Cánach (An Chéad Sciar) €M | Costas Cánach (An Dara Sciar) €M |
|---|---|---|---|
| 2011/2012 | 1,423 | 15.7 | 4.4 |
| 2013 | 1,621 | 17.3 | 3.9 |
| 2014 | 1,731 | 23.4 | 4.4 |
| 2015 | 1,978 | 28.0 | 4.9 |
| 2016 | 2,290 | 31.7 | - |
| 2017 | 1,925 | 24.8 | - |
| 2018 | 1,137 | 14.5 | - |

Leagtar amach sa tábla seo líon na n-infheisteoirí ar leith faoin DFI agus an costas measta don Státchiste.

### Graf 2: Meánchostas don Státchiste in aghaidh an Infheisteora ar leith




Léirítear sa ghraf seo an meánchostas don Státchiste in aghaidh an infheisteora a infheistíonn faoin DFI (tá na figiúirí slánaithe go dtí an €100 is gaire).

## Cuideachtaí Cáilitheacha

### Tábla 4: Cuideachtaí Cáilitheacha DFI de réir Réigiúin

| Réigiún | 2011/2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 109 | 105 | 118 | 117 | 84 | 46 | 14 |
| Laighin (seachas Baile Átha Cliath) | 42 | 37 | 51 | 48 | 38 | 27 | <10 |
| An Mhumhain | 57 | 71 | 88 | 75 | 60 | 36 | <10 |
| Connachta/Ulaidh/Eile | 24 | 35 | 39 | 29 | 27 | 12 | <10 |

Leagtar amach sa tábla seo miondealú geografach de sheoltaí cláraithe na gCuideachtaí Cáilitheacha DFI de réir thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim. Níl sé i gceist go mbeadh na sonraí seo mar tháscaire ar fheidhmíocht eacnamaíoch i gceantar ar bith den tír.

### Tábla 5: Cuideachtaí Cáilitheacha DFI de réir Gníomhaíocht Eacnamaíoch

| Earnáil | 2011/2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Déantúsaíocht & Tógáil | 54 | 54 | 54 | 49 | 51 | 19 | <10 |
| TF agus seirbhísí faisnéise eile, Cumarsáid & Teileachumarsáid | 60 | 67 | 76 | 75 | 43 | 56 | <10 |
| Trádáil mórdhíola agus miondíola, deisiúchán mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 19 | 23 | 41 | 23 | 18 | <10 | <10 |
| Gníomhaíochtaí oideachais, taighde eolaíoch & airgeadais agus árachais | 50 | 50 | 59 | 50 | 41 | 28 | 11 |
| Soláthar Uisce, Soláthar Leictreachais, Mianadóireacht agus Eastát Réadach | 14 | 15 | 19 | 18 | 14 | <10 | <10 |
| Lóistín, Bia, Talmhaíocht & na hEalaíona | 18 | 23 | 24 | 30 | 25 | <10 | <10 |
| Eile | 17 | 16 | 23 | 24 | 15 | <10 | <10 |

Tá sonraí maidir le Cuideachtaí Cáilitheacha DFI grúpáilte de réir earnála sa tábla seo. Tá an earnáil seo bunaithe ar an gcód NACE, arb é an córas cóid gníomhaíochta eacnamaíoch a aithnítear go hidirnáisiúnta é.

## Nótaí maidir leis na táblaí thuas

I gcásanna áirithe, féadfaidh sé go ndearnadh slánú ar na figiúirí.

Cé gur leor cruinneas na gcód NACE ar thaifid na gCoimisinéirí Ioncaim chun bonn taca a chur faoi anailís leathan earnáil-bhunaithe, féadfaidh sé go mbeidh roinnt míchruinnis i gceist ag leibhéal aonair. Ba chóir é seo a chur san áireamh nuair atá an t-eolas a thugtar á chíoradh.
Tá tuilleadh eolais ar chóid NACE ar fáil ar
http://www.cso.ie/px/u/NACECoder/NACEItems/searchnace.asp.

Cuirtear na figiúirí le haghaidh 2011 agus 2012 i láthair le chéile toisc go bhfuil líon na n-éileamh a rinneadh in 2011 ró-íseal le cur i láthair go leithleach sa tuairisc seo gan Rialú Nochtadh Staidrimh na gCoimisinéirí Ioncaim a shárú.

Nuair nach mbíonn ach líon beag cásanna in aon chatagóir amháin, ní sholáthraítear na figiúirí díreacha ar mhaithe le faisnéis faoi rún na gcáiníocóirí a chosaint. Tá an rúndacht lárnach i gcaidreamh na gCoimisinéirí Ioncaim lena gcustaiméirí. Treisítear dualgais na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le faisnéis a chosaint mar gheall ar réimse forálacha reachtacha agus riaracháin a ceapadh chun cearta agus leasa saoránach agus gnóthaí a chosaint. Tá tuilleadh eolais i ndáil lenár Rialú Nochta Staidrimh ar fáil ar - https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/about/statistical-disclosure-control.aspx